Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13760/24
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0302(COD)**

CODEC 1841
JUSTCIV 158
JAI 1417
CONSOM 290
COMPET 953
MI 815
FREMP 366
TELECOM 281
CYBER 264
DATAPROTECT 284

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Eastóin**

Tacaíonn an Eastóin le haidhm na Treorach agus is féidir léi aontú leis an gcuid is mó dá réitigh. Mar sin féin, fágann an bealach a rialaítear an dlí nós imeachta leis an Treoir go bhfuil ábhair imní bhunúsacha ann maidir le bunphrionsabail dlí Ballstáit.

Is é sin, tá clásal comhchuibhithe uasta sa Treoir, agus ar an gcaoi sin, rialaítear go cuimsitheach nochtadh fianaise in ábhair dliteanais i leith táirgí lochtacha freisin. Fágann an comhchuibhiú uasta go bhfuil córas speisialta inár ndlí ina bhfuil feidhm ag rialacha éagsúla, agus is ábhar imní é sin. Go sonrach, bheadh sé níos deacra do ghearánaí cúnamh a iarraidh ar an gcúirt chun fianaise a bhailiú i gcásanna dliteanais i leith táirgí lochtacha ná in imeachtaí dlíthiúla eile, sna himeachtaí sin ina nglactar le neamhionannas na bpáirtithe agus sna himeachtaí sin ina nglactar le comhionannas na bpáirtithe.

Mhínigh an Eastóin le linn na caibidlíochta nár cheart ábhar na gcaingne nós imeachta a bheith difriúil go míréasúnta bunaithe ar ábhar sonrach na díospóide. Is é an toradh a bheadh air sin ilroinnt an dlí, easpa soiléireacht dhlíthiúil agus, níos tábhachtaí fós, páirtithe a bheith á láimhseáil ar bhealaí difriúla sna himeachtaí. D'fhéadfadh sé seo a bheith ag teacht salach ar ár mBunreacht. Tharraingíomar aird ar an gcaoi ar córas aontaithe é dlí nós imeachta Ballstáit ina bhfuil codanna éagsúla den dlí nós imeachta nasctha agus cothromaithe le codanna eile den dlí nós imeachta. Dá bhrí sin, chun soiléireacht dhlíthiúil agus cóir chomhionann a áirithiú do na páirtithe sna himeachtaí, ba cheart dúinn smaoineamh ar na rialacha ginearálta maidir le nochtadh fianaise inár ndlí nós imeachta sibhialta intíre a athrú go dtí a bhfuil sa Treoir. Mar sin féin, ní mheasaimid gur féidir é sin a dhéanamh toisc nár cheart cur isteach den sórt sin ar an dlí náisiúnta a bheith mar chuspóir le dlí an Aontais.

Ina theannta sin, is é Airteagal 81 CFAE, lena rialaítear comhar breithiúnach trasteorann, an bunús dlí chun imeachtaí cúirte sibhialta san Aontas Eorpach a rialáil. I gcás an bhunúis dlí sin, déantar faireachán an-chúramach i gcónaí le nach gcuirfeadh na rialacha a cruthaíodh isteach ar dhlí nós imeachta náisiúnta na mBallstát. Is é Airteagal 114 CFAE, lena rialaítear bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, bunús dlí na Treorach seo. Creidimid gur cheart na breithnithe cúramacha céanna a thabhairt agus an bunús dlí sin á chur i bhfeidhm agus dlí nós imeachta na mBallstát á rialáil ag an am céanna. Mar shampla, Treoir amháin atá ann cheana a bhfuil bunús dlí an mhargaidh inmheánaigh léi, lena ndéileáiltear le himeachtaí cúirte sibhialta agus a bhfuil an clásal maidir le nochtadh fianaise inti chomh maith, níl ach éifeacht comhchuibhithe íosta aici (an Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha). Cuireann sé sin ar chumas na mBallstát a rialacha a bhunú ar an dlí náisiúnta agus ar a dtraidisiúin dhlíthiúla.

Ar deireadh, ní fhéadfaidh dlí an Aontais dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach. Mar sin féin, léirítear le foclaíocht na rialacha maidir le nochtadh fianaise (sa chuid oibríochtúil agus san aithris) gurb é an aidhm atá ann idirghabháil a dhéanamh i ndlí nós imeachta an Bhallstáit, agus córas speisialta á chruthú ag an am céanna chun fianaise a bhailiú sa réimse sonrach a bhaineann le hábhair dhliteanais i leith táirgí lochtacha, agus sa réimse sin amháin. Tá sé fós dothuigthe conas a bheadh údar maith leis an gcomhchuibhiú uasta sa chás seo (lena n-áirítear conas atá údar maith lena rialáil ar bhealach difriúil ná mar a dhéantar i réimsí eile ina nglactar le neamhionannas na bpáirtithe freisin). Thairis sin, ní dhearnadh measúnú ar an bhfíorthionchar atá ag an gcomhchuibhiú uasta sin ar dhlí nós imeachta náisiúnta agus ar chórais dlí náisiúnta na mBallstát. Is é ár dtuairim nach bhfuil sé comhréireach an cuspóir atá idir lámha a bhaint amach leis an réiteach a mhínítear thuas.

Go hachomair, creideann an Eastóin nach iomchuí an cur chuige a roghnaíodh maidir le nochtadh fianaise sa Treoir seo, agus coinneoimid súil ghéar ar thograí eile le nach leanfar an cur chuige sin arís.